

Ceacht a Naoi
Lesson Nine

Cad a chloiseann tú?
What did you hear?

Leathanach 1
Page 1

- | | |
|--|---|
| 1. clois
cloisigí | hear
y'all hear |
| 2. Cad a chuala tú?
Chuala mé <u>éiníní</u> . | What did you hear?
I heard <u>little birds</u> . |
| 3. Ar chuala tú <u>an madra</u> ?
Chuala. Chuala mé <u>an madra</u> .
Níor chuala. Níor chuala mé <u>an madra</u> . | Did you hear <u>the dog</u> ?
Yes. I heard <u>the dog</u> .
No. I didn't hear <u>the dog</u> . |
| 4. Cad a chloiseann tú <u>sa pháirc</u> ?
An gcloiseann tú <u>madraí</u> ?
Cloiseann. Cloiseann mé <u>madraí</u> .
Ní chloiseann. Ní chloiseann mé <u>faic</u> . | What do you hear <u>in the park</u> ?
Do you hear <u>dogs</u> ?
Yes. I hear <u>dogs</u> .
No. I don't hear <u>anything</u> . |
| 5. Tar <u>isteach</u> .
Ná tar <u>inniu</u> .
Tagaigí <u>isteach</u> .
Ná tagaigí <u>anocht</u> . | Come <u>in</u> .
Don't come <u>today</u> .
Y'all come <u>in</u> .
Y'all don't come <u>tonight</u> . |
| 6. Ar tháinig tú <u>ar maidin</u> ?
Tháinig. Tháinig mé <u>le Siobhán</u> .
Níor tháinig. Níor tháinig mé <u>inniu</u> . | Did you come <u>in the morning</u> ?
Yes. I came <u>with Joan</u> .
No. I didn't come <u>today</u> . |
| 7. An dtagann tú <u>ar an mbus</u> ?
Tagann. Tagann mé <u>ar an mbus</u> .
Ní thagann. Ní thagann mé <u>ar an mbus</u> . | Do you come <u>on the bus</u> ?
Yes. I come <u>on the bus</u> .
No. I don't come <u>on the bus</u> . |
| 8. Tabhair dom <u>gloine uisce</u> , le do thoil.
Ná tabhair dó <u>é</u> .
Tugaigí <u>na hataí abhaile</u> libh.
Ná tugaigí <u>bia isteach</u> libh. | Give me <u>a glass of water</u> , please.
Don't give <u>it</u> to him.
Y'all take <u>the hats home</u> .
Y'all don't bring <u>food in</u> . |
| 9. Cad a thug <u>sé</u> duit?
Thug <u>sé bronntanas</u> dom. | What did <u>he</u> give you?
<u>He</u> gave me <u>a present</u> . |
| 10. Ar thug <u>sé aon rud</u> duit?
Thug. Thug <u>sé briosca</u> dom.
Níor thug. Níor thug <u>sé rud ar bith</u> dom. | Did <u>he</u> give you <u>anything</u> ?
Yes. <u>He</u> gave me <u>a cookie</u> .
No. <u>He</u> didn't give me <u>anything</u> . |
| 11. Cad a thugann <u>sé</u> duit <u>ar do bhreithlá</u> ?
An dtugann <u>sé bláthanna</u> duit?
Tugann. Tugann <u>sé bláthanna</u> dom.
Ní thugann. Ní thugann <u>sé faic</u> dom. | What does <u>he</u> give you <u>on your birthday</u> ?
Does <u>he</u> give you <u>flowers</u> ?
Yes. <u>He</u> gives me <u>flowers</u> .
No. <u>He</u> doesn't give me <u>anything</u> . |

Ceacht a Naoi
Lesson Nine

Cad a chloiseann tú?
What did you hear?

Leathanach 2
Page 2

Comhrá 1

A: Cloiseann mé rud éigin.
B: Cad a chloiseann tú?
A: Chuala mé eitleán.
B: Níor chuala mise faic.
A: An gcloiseann tú anois é?
B: Cloiseann. Cloiseann mé an t-eitleán anois.

Conversation 1

I hear something.
What do you hear?
I heard an airplane.
I didn't hear anything.
Do you hear it now?
Yes. I hear the airplane now.

Comhrá 2

A: Fáilte romhat. Tar isteach.
B: Tháinig mé ar maidin, ach ní raibh sibh sa bhaile.
A: Ní raibh. Tagann muid abhaile ag a deich.
B: An bhfuil Nóra sa bhaile?
A: Níl. Níor tháinig sise ar ais go fóill.
B: Cá bhfuil sí?
A: Tá sí ag an ollmhargadh.

Conversation 2

Welcome. Come in.
I came in the morning, but you weren't home.
No. We come home at ten.
Is Nora at home?
No. She didn't come back yet.
Where is she?
She's at the supermarket.

Comhrá 3

A: Ar thug tú an bronntanas leat?
B: Thug.
A: Ar thug tú do Shéamas é?
B: Níor thug. Tá sé i mo mhála.
A: Tabhair dó anois é, mar sin.
B: Ceart go leor.

Conversation 3

Did you bring the present with you?
Yes.
Did you give it to James?
No. It's in my bag.
Give it to him now, then.
OK.

Comhrá 4

A: Dia duit, a Shíle.
B: Dia is Muire duit, a Choilm.
A: Ar chuala tú an scéal?
B: Níor chuala. Cén scéal?
A: Tá Nuala tinn.
B: Cad atá uirthi?
A: Tháinig slaghdán uirthi.
B: Tá brón orm.

Conversation 4

Hi Sheila.
Hi Colm.
Did you hear the news?
No. What news?
Nuala is sick.
What's wrong with her?
She got a cold.
I'm sorry.